**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Seisiún iomlánach*

**A9-0083/2024**

10.3.2024

***

# MOLADH

maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe trí Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirgintíne lena leasaítear an Comhaontú trí Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirgintíne de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (GATT) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV de chuid an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach
(12378/2023 – C9-0460/2023 – 2023/0303(NLE))

An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

Rapóirtéir: Jordi Cañas

***Eochair do na siombailí a úsáidtear***

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## CLÁR

**Leathanach**


DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ....................................................................................................6

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR ...........................................................................................................................7

LITIR ÓN GCOISTE UM THALMHAÍOCHT AGUS UM FHORBAIRT TUAITHE............8

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH ..........................................................9

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........10

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe trí Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirgintíne lena leasaítear an Comhaontú trí Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirgintíne de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (GATT) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV de chuid an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (12378/2023 – C9-0460/2023 – 2023/0303(NLE))**

**(Toiliú)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (12378/2023),

– ag féachaint don dréacht-chomhaontú i bhfoirm malartú litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirgintíne lena leasaítear an Comhaontú trí Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirgintíne de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (GATT) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na taraife-chuótaí uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (12379/2023),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 207(4), an chéad fhomhír, agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0460/2023),

– ag féachaint do Riail 105(1) agus (4), agus do Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don litir ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A9-0083/2024),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Phoblacht na hAirgintíne.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

I mí Dheireadh Fómhair 2018, sheol AE an próiseas caibidlíochta go foirmiúil faoi Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (GATT) 1994 le roinnt Comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála. Is é bunphrionsabal na gcaibidlí ná 'cur chuige comhpháirteach' a forbraíodh idir AE agus an Ríocht Aontaithe siar in 2017 maidir le conas na ceangaltais chainníochtúla a 'chionroinnt', ar ceangaltais iad atá i sceideal EDT de chuid AE28 maidir leis na 143 tharaif-chuóta talmhaíochta, éisc agus tionsclaíocha EDT de chuid AE. Is é bunús an chur chuige seo ná go gcoimeádfar dlús gach taraif-chuóta atá ann faoi láthair ina iomláine amach anseo, ach go ndéanfar iad a roinnt idir dhá chríoch custaim éagsúla: AE27 agus an Ríocht Aontaithe.

Tá prionsabal na modheolaíochta atá i bhfeidhm bunaithe ar na sreafaí trádála isteach in AE27 agus isteach sa Ríocht Aontaithe le linn tréimhse thagartha ionadaíochta (trí bliana ó 2013 go 2015) do gach taraif-chuóta de chuid EDT. Tá tuairisc mhionsonraithe ar mhodheolaíocht na cionroinnte atá comhaontaithe i Rialachán (AE) 2019/216 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Go sonrach, tugtar de chumhacht don Choimisiún le hAirteagal 2(b) den Rialachán sin na scaireanna cionroinnte a leasú agus faisnéis ábhartha a d'fhéadfadh sé a fháil i gcomhthéacs na gcaibidlíochtaí faoi Airteagal XXVIII de GATT 1994 nó ó fhoinsí eile a bhfuil suim acu i dtaraif-chuóta ar leith á cur san áireamh.

Mar thoradh ar an gcaibidlíocht idir an tAontas agus an Airgintín síníodh an Comhaontú ábhartha an 10 Bealtaine 2021. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 13 Iúil 2021. Foráiltear leis an gComhaontú gur cheart don Aontas an Airgintín a chur ar an eolas i gcás ina n-athródh toradh na caibidlíochta idir an tAontas agus Comhaltaí eile EDT a bhfuil cearta acu faoi Airteagal XXVIII maidir leis na scaireanna a comhaontaíodh ina gcaibidlíocht dhéthaobhach.

Mar thoradh ar an gcaibidlíocht le Comhaltaí eile EDT, tháinig AE ar chomhaontú maidir le scaireanna dhá tharaif-chuóta a bhfuil cearta caibidlíochta ag an Airgintín ina leith a athrú, dá bhrí sin is gá an comhaontú bunaidh leis an Airgintín a leasú i ndáil le méid AE27 le haghaidh na dtaraif-chuótaí seo a leanas. Rinneadh athbhreithniú ar sciar AE27 de tharaif-chuóta *erga omnes* ar phúdar bainne bearrtha go 62 917 tona chun méid nach bhfuil inmharthana ó thaobh na tráchtála de ar thaobh na Ríochta Aontaithe a sheachaint. Rinneadh sciar AE27 de tharaif-chuóta *erga omnes* ar shúnna torthaí a athbhreithniú go 6 551 tona, agus an trádáil i dtréimhsí tagartha 2015-2017 agus 2016-2018 á cur san áireamh. Déanfar Rialachán ábhartha (AE) 2019/216 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 ón gCoimisiún a leasú chun na méideanna leasaithe taraif-chuóta sin a léiriú.

I gcomhréir le hAirteagal 218(6) CFAE, tá gá le toiliú ó Pharlaimint na hEorpa chun go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh lena dtabharfar an Comhaontú i gcrích agus go dtiocfaidh sé i bhfeidhm in am trátha.

I bhfianaise an mhéid thuasluaite, molann an Rapóirtéir go dtabharfaidh an Pharlaimint a toiliú do thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, gan dochar dá ceart daonlathach maidir le grinnscrúdú leanúnach.

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an Rapóirtéir go bhfuair sí ionchur ó na heintitis nó ó na daoine a leanas in ullmhú na tuarascála, go dtí go nglacfar sa choiste í:

| **Eintiteas agus/nó duine** |
|---|
| Administrators of the Unit G1 for Global Issues, WTO and relations with ACP Countries, DG AGRI, Commission |

Is faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara a rinneadh an liosta thuas a tharraingt suas.

29.11.2023

**LITIR ÓN GCOISTE UM THALMHAÍOCHT AGUS UM FHORBAIRT TUAITHE**

An tUasal Bernd Lange
Cathaoirleach an Choiste um Thrádáil Idirnáisiúnta
ASP12G301
AN BHRUISÉIL

Tagairt: IPOL-COM-AGRI D(2023) 42070

Ábhar: Tuairim ar thogra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear an comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Airgintín maidir le cuótaí ráta taraife EDT a chionroinnt tar éis Brexit (2023/0303(NLE))

A Cathaoirligh, a chara,

Tagraím do na tograí le haghaidh cinntí ón gComhairle maidir le comhaontú a thabhairt i gcrích, faoi seach, idir an tAontas Eorpach agus an Éigipt maidir le cuótaí rátaí taraife EDT a chionroinnt tar éis Brexit [2023/0296 (NLE)], agus an leasú ar an gcomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Airgintín maidir leis an ábhar céanna [2023/0303 (NLE)].

Rinne Comhordaitheoirí AGRI an t-ábhar a mheas ag an gcruinniú a bhí acu an 28 Samhain. Chomhaontaigh siad leis an gcomhaontú thuas leis an Éigipt agus leis an leasú ar an gcomhaontú leis an Airgintín. Chomh maith, d’iarr siad orm a dtuairim a chur in iúl duit de bhun Riail 56.

D’fhormhuinigh an Coiste AGRI an moladh sin ag an gcruinniú a bhí aige an 7 Nollaig 2023.

Le dea-mhéin,

Norbert Lins

I gcóip: Martin Hlaváček, Buanrapóirtéir AGRI i gcomhair saincheisteanna a bhaineann le Brexit

## AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirgintíne lena leasaítear Comhaontú an Aontais Eorpaigh agus Phoblacht na hAirgintíne de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV de chuid an Aontais mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach |
| **Tagairtí** | 12378/2023 – C9-0460/2023 – 2023/0303(NLE) |
| **Dáta an chomhairliúcháin nó na hiarrata ar thoiliú** | 8.12.2023 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | INTA<br>18.1.2024 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AGRI<br>18.1.2024 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Jordi Cañas<br>24.10.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 25.1.2024 |
| **Dáta an ghlactha** | 7.3.2024 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 33<br>–: 3<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Barry Andrews, Geert Bourgeois, Saskia Bricmont, Jordi Cañas, Danuta Maria Hübner, Karin Karlsbro, Miapetra Kumpula-Natri, Danilo Oscar Lancini, Bernd Lange, Thierry Mariani, Margarida Marques, Emmanuel Maurel, Samira Rafaela, Catharina Rinzema, Inma Rodríguez-Piñero, Helmut Scholz, Dominik Tarczyński, Kathleen Van Brempt, Marie-Pierre Vedrenne, Jörgen Warborn, Jan Zahradil |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Marek Belka, Anna Cavazzini, José Manuel García-Margallo y Marfil, Enikő Győri, Cristina Maestre Martín De Almagro, Javier Moreno Sánchez, Manuela Ripa, Witold Jan Waszczykowski |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Andrea Bocskor, Paola Ghidoni, Ivo Hristov, Virginie Joron, Ska Keller, Dace Melbārde, Wolfram Pirchner, Aušra Seibutytė |
| **Dáta don chur síos** | 11.3.2024 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 33 | + |
|---|---|
| ECR | Geert Bourgeois, Dominik Tarczyński, Witold Jan Waszczykowski, Jan Zahradil |
| ID | Paola Ghidoni, Danilo Oscar Lancini |
| NI | Andrea Bocskor, Enikő Győri |
| PPE | José Manuel García-Margallo y Marfil, Danuta Maria Hübner, Dace Melbārde, Wolfram Pirchner, Aušra Seibutytė, Jörgen Warborn |
| Renew | Barry Andrews, Jordi Cañas, Karin Karlsbro, Samira Rafaela, Catharina Rinzema, Marie-Pierre Vedrenne |
| S&D | Marek Belka, Ivo Hristov, Miapetra Kumpula-Natri, Bernd Lange, Cristina Maestre Martín De Almagro, Margarida Marques, Javier Moreno Sánchez, Inma Rodríguez-Piñero, Kathleen Van Brempt |
| Verts/ALE | Saskia Bricmont, Anna Cavazzini, Ska Keller, Manuela Ripa |

| 3 | - |
|---|---|
| ID | Virginie Joron, Thierry Mariani |
| The Left | Emmanuel Maurel |

| 1 | 0 |
|---|---|
| The Left | Helmut Scholz |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh